An Roinn Oideachais
Department of Education
An tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais
National Educational Psychological Service

Folláine san Oideachas

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile a Bhainistiú:

Treoir Dhea-Chleachtais d'Iar-Bhunscoileanna



Clár na nÁbhar

Cuspóir an Doiciméid 5

Cad atá i gceist le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile? 6

Ag Dul i nGleic le hIompraíocht a Léiríonn Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile atá ag Teacht chun Cinn 7

Cad is cúis le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile? 8

Cur Chuige Coisctheach Scoile Uile 11

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile agus Mothúcháin 13

Smaointe Mothúcháin agus Iompraíochtaí 15

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile agus Riachtanais Speisialta Oideachais 18

Conas freagairt d'Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Pleanáil Conas Tacú le Scoláire 19

Creat Fadhbréitigh SNSO chun Freagairt d'Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Treoir Céim ar Chéim 21

Aguisín A: Bailiú Eolais Seicliosta don Scoil agus don Tuismitheoir/Chaomhnóir 26

Aguisín B: Mo Thuairimí Faoin Scoil 30

Aguisín C: Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Straitéisí Scoilbhunaithe 39

Aguisín D:Teimpléad do Mo Phlean Chun a Bheith ar Scoil 41

Aguisín E: Teimpléid Shamplacha agus Bhána: Céimeanna san Fhilleadh de Réir a Chéile 43

Aguisín F: Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Comhairle don Fhoireann Scoile go Léir 45

Aguisín G: Seicliosta Don Timpeallacht Foghlama 48

Aguisín H: An ról atá ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir le Freastal Drogallach agus Iompraíocht Seachanta Scoile 51

Aguisín I: Ról Sheirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) maidir le Freastal Drogallach agus Iompraíocht Seachanta Scoile 52

Cuspóir an Doiciméid

D'fhorbair SNSO an treoir seo chun eolas a sholáthar do scoileanna maidir leis an mbealach chun tacú le scoláirí a léiríonn iompraíocht a bhaineann le freastal drogallach agus seachaint scoile. San áireamh ansin tá scoláirí a bhfuil drogall orthu freastal ar scoil, iad siúd a chailleann laethanta go rialta agus iad siúd a bhíonn as láthair ón scoil ar bhonn leanúnach.

Ní mór drogall ar bith maidir le dul ar scoil a thabhairt faoi deara, dul i ngleic leis go luath agus tacú leis go tapa chun nach ndéanfar deacracht níos suntasaí de. Is féidir le scoileanna agus tuismitheoirí bunú patrún níos suntasaí maidir le seachaint scoile a chosc má oibríonn siad le chéile a luaithe agus a thagann comharthaí ar fhreastal drogallach chun cinn i dtosach.

Sa treoir seo, soláthraítear dea-chleachtas do scoileanna maidir le hoibriú le tuismitheoirí agus tacú lena leanaí chun freastal ar scoil agus fanacht ar scoil.

Cad atá i gceist le hiompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile?

Déanann iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile cur síos ar an drogall a bhíonn ar scoláire dul ar scoil, a bheith déanach ar scoil, a bheith as láthair do ranganna ar leith nó ag amanna ar leith nó a bheith as láthair ón scoil go rialta nó ar feadh tréimhsí fada ama.

Tá 'seachaint scoile bunaithe ar mhothúcháin', 'diúltú don scoil, nó 'iompraíocht seachanta scoile' ar chuid de na téarmaí a úsáidtear go coitianta nuair a bhíonn sé deacair ar leanaí freastal ar scoil mar gheall ar thosca mothúchánacha amhail mothú go bhfuil siad faoi strus nó imníoch. Úsáidfimid an téarma 'iompraíocht a bhaineann le freastal drogallach agus seachaint scoile' ar fud an doiciméid seo.

Tá difríocht idir iompraíocht scoláirí a léiríonn freastal drogallach ar scoil cé go ndéanann a dtuismitheoirí iarracht leanúnach iad a chur ar scoil agus iompraíocht leanaí atá as láthair ón scoil mar gheall ar 'mhaidhtseáil' i.e., nuair nach eol do thuismitheoirí/chaomhnóirí an scoláire nach ndeachaigh a leanbh ar scoil nó gur fhág an leanbh an scoil gan chead.

Cad iad na comharthaí?

- Bíonn an scoláire as láthair gan mhíniú ó ranganna nó ón scoil
- Bíonn deacracht ag an scoláire freastal ar scoil i ndiaidh deireadh seachtaine nó laethanta saoire
- Tuairiscíonn tuismitheoirí/caomhnóir go bhfuil an scoláire trí chéile faoi dhul ar scoil nó ag éagaoineadh tinnis go minic, e.g., tinneas cinn nó pian bhoilg a imíonn má thugtar cead dó/di fanacht sa bhaile
- Bíonn an scoláire déanach don scoil go minic nó sroicheann an scoláire an scoil agus é/í trí chéile tar éis dó/dí an mhaidin a chaitheamh ag impí ar thuismitheoirí/chaomhnóirí cead a thabhairt dó/di fanacht sa bhaile
- Tuairiscíonn tuismitheoir/caomhnóir go léiríonn scoláire iompraíocht ar díol imní í amhail iompraíocht féindochair nó iompar bagrach i leith daoine eile mar gheall go bhfuil sé/sí trí chéile
- Tá drogall ar an scoláire scaradh leis an tuismitheoir/gcaomhnóir nuair a shroicheann sé/sí an scoil
- Is cosúil go bhfuil an scoláire trí chéile le linn sosanna nó ag am lóin nó tá sé/sí ag iarraidh dul i dteagmháil leis an tuismitheoir/gcaomhnóir le linn am scoile
- Is minic a bhíonn an scoláire ag éagaoineadh tinnis le linn am scoile agus é/í ag iarraidh dul abhaile

Ag Dul i nGleic le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Agus Seachaint Scoile atá ag Teacht chun Cinn

Má thugann scoil faoi deara go bhfuil drogall ar scoláire freastal ar scoil, tá sé tábhachtach gníomhú go tapa agus oibriú le tuismitheoirí/caomhnóirí chun aghaidh a thabhairt ar sheachaint scoile atá ag teacht chun cinn agus tacú leis an duine óg chun freastal ar scoil agus fanacht ar scoil.

Tá sé tábhachtach go n-admhódh scoileanna do thuismitheoirí/chaomhnóirí go bhfuil sé deacair orthu má ta drogall ar leanbh freastal ar scoil, ach cuir ar a suaimhneas iad agus abair leo go bhfuil sé coitianta agus go bhfuil sé éasca dul i ngleic leis. Tabhair '***Ag Tacú le do Chaomhnóirí Leanaí Iar-Bhunscoile***' do na tuismitheoirí/caomhnóirí; agus meabhraigh go láidir dóibh go bhfuil sé tábhachtach a bheith docht maidir le freastal ar scoil.

Cuir i gcuimhne do na tuismitheoirí/caomhnóirí go bhfuil sé tábhachtach go bhfanfaidís suaimhneach agus go dtabharfaidís teachtaireachtaí láidre dearfacha dá leanbh maidir lena c(h)umas déileáil go dearfach lena m(h)othúcháin mhíchompordacha.

Cinntigh go bhfuil foireann na scoile ar fáil chun deis a thabhairt don tuismitheoir fágáil go tapa tar éis slán a rá ar maidin.

Cuir na tuismitheoirí/caomhnóirí ar an eolas faoi rud a bith ar scoil a d'fhéadfadh a bheith ag cur leis an drogall le déanaí.

Deimhnigh dóibh go labhróidh tú leis na baill foirne ábhartha sa scoil chun iad a chur ar an eolas faoin gcás.

I measc na n-aguisíní úsáideacha eile do scoileanna chun straitéisí tosaigh a roghnú le tacú leis an dalta freastal ar scoil tá: **Aguisín C** - Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile Straitéisí Scoilbhunaithe agus **Aguisín F** - Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Comhairle don Fhoireann Scoile go Léir

Cad is cúis le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile?

Féadann seachaint scoile tosú ag am ar bith, ach is mó seans go dtarlóidh sé ag pointí aistrithe, ie. nuair atá scoláire ag tosú amach sa bhunscoil nó nuair atá scoláire ag bogadh chuig an iar-bhunscoil. Is amanna iad sin ina mbionn mórán brúnna ar scoláirí chun dul i dtaithí ar athruithe agus nuair atá an strus a mhothaíonn sé/sí níos mó ná na scileanna atá aige/aici chun déileáil leis nó an tacaíocht atá ar fáil dó/di

I measc na gcúiseanna eile a d'fhéadfadh a bheith le seachaint scoile ag scoláire tá siad seo a leanas:

- D'fhéadfadh imní a bheith air/uirthi go dtarlódh rud éigin do thuismitheoir/chaomhnóir nuair atá sé/sí ar scoil
- D'fhéadfadh imní a bheith air/uirthi nach n-éireoidh go maith leis/léi ar scoil
- D'fhéadfadh imní a bheith air/uirthi nach bhfuil nó nach mbeidh luí aige/aici leis an scoil
- D'fhéadfadh sé/sí a bheith ag iarraidh cásanna nó ábhair áirithe a chuireann strus air/uirthi a sheachaint ar scoil
- D'fhéadfadh sé go mbeadh sé/sí ag iarraidh mothú imní atá air/uirthi faoi dhul ar scoil a sheachaint, cé nach féidir leis/léi a rá go díreach céard is cúis leis an imní sin

Tosca Riosca agus Cosanta

Níl aon chúis ar leith le seachaint scoile. Tugtar le tuiscint sa taighde gur féidir le meascán de cheisteanna atá casta agus idirnasctha dul i bhfeidhm air. D'fhéadfadh baint a bheith ag tosca teaghlaigh, scoile, scoláire agus sóisialta leis. I bhfíor 1, tá liosta samplaí de 'thosca riosca' mar a thugtar orthu a bhfuil baol níos mó ann go léireoidh an scoláire iompraíocht seachanta scoile dá mbarr más rud é nach bhfaigheann sé/sí dóthain tacaíochta chun déileáil leis na deacrachtaí atá aige/aici, nó má tá na héilimh níos mó ná na scileanna atá forbartha ag an scoláire chun dul i ngleic leo.

Fíor 1: Tosca Riosca i dtaca le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile

Cé go bhféadfadh baol níos mó a bheith ann go mbeadh iompraíocht seachanta scoile á léiriú ag duine óg mar thoradh ar thosca riosca i saol an duine sin, is eol dúinn nach mar sin atá i gcás gach duine óg a thagann faoi thionchar tosca riosca timpeallachta den chineál sin. Léiríodh i staidéir go bhfuil tosca cosanta aonair/inmheánacha agus seachtracha ann agus nuair a bhíonn siad sin i láthair go soláthraíonn siad maolán idir an duine óg agus na tosca riosca agus go dtacaíonn siad le toradh dearfach a bhaint amach don duine óg. San áireamh sna tosca cosanta sin tá:

1. Scileanna a d'fhéadfadh a bheith ag an duine óg, nó a bhféadfadh deis a bheith ag an duine óg iad a fhorbairt, lena n-áiritear scileanna dearfacha chun déileáil le deacrachtaí.
2. Caidreamh tacúil a sholáthraíonn tacaíocht mhothúchánach agus a chabhraíonn leis an duine óg amanna struis a bhainistiú.
3. Córais tacaíochta sheachtracha atá tairbheach, amhail an scoil, áit a mothaíonn daoine óga go bhfuil siad sábháilte, go nglactar leo agus go mothaíonn siad go bhfuil éifeachtúlacht ag baint leo féin.

I bhfíor 2 thíos, tugtar samplaí de na 'tosca cosanta' sin nó cad is féidir leis an scoil a dhéanamh chun strus a laghdú i dtimpeallacht na scoile agus acmhainneacht an scoláire a fhorbairt.

Fíor 2: Tosca Cosanta don Acmhainneacht

Is eol dúinn nuair a ghlactar cur chuige scoile uile maidir leis an bhfolláine, go ndéantar na tosca riosca a laghdú agus na tosca cosanta a mhéadú agus dá bharr sin go mbeidh torthaí níos fearr ann do chách. Is iad na tosca cosanta scoilbhunaithe na cinn sin a íoslaghdaíonn an strus. Ina theannta sin, má dhéantar tosca cosanta 'laistigh den scoil' a mhéadú, feidhmíonn sé sin mar mhaolán tábhachtach idir an scoláire agus tosca riosca sa tsochaí agus sa phobal. Is féidir le tosca cosanta tacú le freagairt scoláire do thoisc riosca, fiú nuair atá tosca riosca i láthair.

Cur Chuige Coisctheach Scoile Uile

Tugtar breac-chuntas sa **Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (2018)** ón Roinn Oideachais ar an dea-chleachtas maidir le folláine mhothúchánach agus meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn agus baineann sé sin freisin le tacú le hiompraíocht a bhaineann le freastal drogallach agus seachaint scoile agus dul i ngleic léi. Tugtar le tuiscint sa Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais gur cheart go mbreithneodh cur chuige scoile uile den chineál sin an chaoi a ndéantar an fholláine a chur chun cinn laistigh de cheithre phríomhréimse mar a thaispeántar i bhFíor 3.

Fíor 3: Cur Chuige Scoile Uile: Ceithre Phríomhréimse a Bhaineann le Cur Chun Cinn na Folláine



Sa doiciméad seo, tugtar breac-chuntas ar an dea-chleachtas maidir le cur chuige scoile uile i dtaca le folláine a chur chun cinn. Ciallaíonn cur chuige scoile uile glacadh le freagracht chomhroinnte agus an fholláine a chur chun cinn i ngach gné de shaol na scoile. Sa chéad phríomhréimse, 'Cultúr agus Timpeallacht', moltar deiseanna a thabhairt do scoláirí a bheith mar chuid de thimpeallacht agus de chultúr scoile ina mothaítear sábháilteacht choirp agus shíceolaíoch, áit a mothaíonn siad muintearas agus cóngas, áit a n-éistear lena nguth agus ina mothaíonn siad go bhfuil tacaíocht á fáil acu. Sa dara réimse, 'Caidrimh agus Comhpháirtíochtaí' cuirtear deiseanna chun caidreamh tacúil a bhrath laistigh de phobal na scoile uile a chur chun cinn.

Sa tríú réimse 'Curaclam', dírítear ar dheiseanna a thabhairt do scoláirí rathúlacht agus gnóthachtáil a bhrath ina gcuid foghlama agus príomhscileanna agus príomhinniúlachtaí fisiceacha, sóisialta agus mothúchánacha a fhorbairt agus a thógáil. Agus ar deireadh, tá sé mar aidhm ag an gceathrú réimse, 'Polasaí agus Pleanáil', a chinntiú go bhfuil na cuir chuige maidir le tacaíocht a thabhairt d'fholláine agus d'acmhainneacht fréamhaithe sna polasaithe agus sna cleachtais uile atá ag an scoil. Déantar tuilleadh forbartha ar cheithre phríomhréimse na folláine mar ráitis ar chleachtas éifeachtach i gcuid 2 den Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais.

Forbraíodh sraith acmhainní atá ar fáil ***anseo***, chun tacú le scoileanna a bheith páirteach i bpróiseas maidir le folláine a chur chun cinn ag baint úsáid as Féinmheastóireacht Scoile. Tá deiseanna FGL á soláthar ag SNSO agus ag an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) chun tacú le scoileanna sa réimse tábhachtach a bhaineann le folláine a chur chun cinn agus acmhainneacht a fhorbairt.

Is creat é an **Contanam Tacaíochta** (Fíor 4) chun sainaithint láidreachtaí agus riachtanas scoláirí a threorú, chun idirghabháil a phleanáil agus chun monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfreagairt don idirghabháil. Aithnítear sa chreat seo go dtarlaíonn riachtanais speisialta oideachais feadh contanaim, i raon a théann ó éadrom go dtí níos suntasaí agus ó neamhbhuan go buan. Aithnítear ann go bhfuil leibhéil éagsúla tacaíochta de dhíth ar scoláirí ag brath ar na riachtanais shainaitheanta atá acu. Cabhraíonn úsáid an chreata sin lena chinntiú go bhfuil na hidirghabhálacha incriminteach agus go mbogann siad ó idirghabhálacha rangbhunaithe go dtí tacaíocht atá níos dírithe ar an duine aonair agus atá á dtreorú ag monatóireacht agus athbhreithniú cúramach ar fhreagairt don idirghabháil. Cabhraíonn úsáid an chreata sin le leithdháileadh solúbtha agus tráthúil a dhéanamh ar thacaíochtaí, ionas go mbeidh rochtain acu siúd a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde acu ar an leibhéal tacaíochta is airde.

Ciallaíonn **Tacaíocht Scoile Uile agus Ranga (Do Chách)** tacaíocht do na scoláirí go léir sa scoil agus san áireamh ansin tá cuir chuige teagaisc agus foghlama atá coisctheach agus réamhghníomhach ag leibhéal ranga le tacaíocht rangbhunaithe níos spriocdhírithe do scoláirí aonair.

Is é atá i gceist le **Tacaíocht Scoile (Do Roinnt daltaí)** ná tacaíochtaí breise teagaisc agus foghlama spriocdhírithe a sholáthar mar fhreagairt do na riachtanais speisialta oideachais atá ag grúpaí beaga agus/nó ag daoine aonair, ar riachtanais iad atá sainaitheanta agus a bhfuil taifeadadh déanta orthu.

Fíor 4: Contanam Tacaíochta



Contanam Tacaíochta

Is é atá i gceist le **Tacaíocht Scoile Móide (Do Bheagán daltaí)**, ná tacaíochtaí breise teagaisc agus foghlama atá dírithe go mór ar an duine aonair agus atá dian agus spriocdhírithe a sholáthar do scoláirí a bhfuil a gcuid riachtanas speisialta oideachais buan agus go gcuireann siad isteach go suntasach ar a gcuid foghlama agus ar a gcuid rannpháirtíochta i dtimpeallacht na scoile.

Is creat úsáideach é sin chun an bealach a bhféadfadh scoil aghaidh a thabhairt ar iompraíocht a léiríonn freastal drogallach agus seachaint scoile a bhreithniú. Freastalóidh roinnt scoláirí ar an scoil agus bainfidh siad leas as tacaíochtaí atá á dtairiscint laistigh dá rang nó ag leibhéal scoile uile chun cabhrú leo fanacht ag freastal ar an scoil. D'fhéadfadh sé go mbeadh tacaíocht bhreise de dhith orthu siúd a bhfuil baol agus riachtanas níos mó ag baint leo chun freastal rathúil a dhéanamh ar an scoil agus fanacht ar scoil agus ag an am céanna go bhféadfadh idirghabhálacha níos sonraí agus níos déine agus comhoibriú roinnt gníomhaireachtaí thar thréimhse ama níos faide a bheith de dhith orthu siúd a bhfuil na riachtanais is mó acu.

Tá Foireann Tacaíochta Scoláirí (SST) i bhfeidhm ag mórán iar-bhunscoileanna. Tá an fhoireann sin mar chuid den chóras tacaíochta scoláirí i scoil. Is í sin an fhoireann uileghabhálach atá freagrach as soláthar a dhéanamh chun leas agus folláine na scoláirí go léir a chur chun cinn. Is córas é trína ndéantar mórán de na tacaíochtaí do scoláirí atá ann cheana féin a chomhordú agus a phleanáil. Feidhmíonn SST mar fhoireann lárnach laistigh d'iar-bhunscoil agus is príomhchóras atá ann trína ndéantar mórán de na tacaíochtaí do scoláirí atá ann cheana féin agus atá á soláthar ag scoileanna, a chomhordú agus a phleanáil. San áireamh ansin tá cur chuige comhordaithe a chinntiú nuair atáthar ag tacú le scoláirí a bhfuil baol ann go mbeidh deacrachtaí acu nó a bhfuil deacrachtaí acu, lena n-áirítear iompraíocht ina léirítear freastal drogallach ar scoil agus seachaint scoile. Dearadh an acmhainn **Foirne Tacaíochta Scoláirí in Iar-Bhunscoileanna: Treoir maidir le Foireann a Bhunú nó Athbhreithniú a dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana Féin (2021)** chun cabhrú le scoileanna agus a SST á bhunú, á fhorbairt nó á athbhreithniú acu.

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile agus Mothúcháin

Tá roinnt áirithe struis agus imní mar ghnáthchuid den saol. D'fhéadfadh imní a bheith ar scoláirí faoi dhul ar scoil i ndiaidh sosa, amhail i ndiaidh deireadh seachtaine, lár téarma nó laethanta saoire an tsamhraidh. D'fhéadfadh scoláirí a bheith faoi strus nó imní a bheith orthu má mhothaíonn siad go bhfuil siad faoi bhrú nó go bhféadfadh drochrud tarlú dóibh. Tá gnáthrud é sin ar fad.

Is féidir le roinnt mothúchán a léiríonn strus agus imní a bheith dearfach agus sinn a choinneáil airdeallach, spreagtha agus réidh chun éilimh nua a shásamh. Is féidir le strus acmhainneacht a fhorbairt nuair a dhéantar nochtadh do strus measartha a bhainistiú i gcomhthéacs caidreamh tacúil. Tá sé mar fheidhm ag strus freisin sinn a choinneáil sábháilte mar go ndéanaimid contúirt a sheachaint dá bharr. Tá freagairtí nádúrtha forbartha ag ár gcoirp d'imeachtaí a measaimid agus a gcreidimid iad a bheith bagrach, amhail nuair atáimid i gcontúirt. Ceapann ár n-inchinn go bhfuil bagairt ann, cuireann sí teachtaireachtaí chuig an gcorp ag iarraidh air ullmhú chun beart a dhéanamh amhail fanacht agus troid (troid), éalú (teitheadh) nó dúnadh síos (reo). Mothaímid freagairt fhisiceach inár gcoirp amhail ag análú níos tapa, ár gcroí ag preabadh go tapa, ár mbosa ag cur allais agus ár nglúine ag croitheadh. Tugtar an Fhreagairt Struis air sin.

Fíor 5: An Fhreagairt Struis



D'fheadfaí an fhreagairt struis a spreagadh freisin nuair nach bhfuilimid i gcontúirt choirp ar bith ach nuair atáimid ag súil go bhfuil rud éigin bagrach chun tarlú, cé go bhféadfadh sé go mbeadh sé deacair méar a leagan ar an mbagairt sin. D'fhéadfadh daoine a cheapadh go raibh siad i gcontúirt agus gan a bheith baileach cinnte faoin gcontúirt sin, nó go gceapfaidís "Tá drochrud éigin chun tarlú", "Níl a fhios agam cad a tharlóidh" nó "Níl a fhios agam cad a dhéanfaidh mé" agus go spreagann sé sin an fhreagairt struis le gníomhachtú. Is féidir leis sin tarlú i gcás scoláirí agus iad ag smaoineamh ar an scoil. De bhrí gur féidir leis an bhfreagairt struis mothúcháin mhíchompordacha a spreagadh sa chorp, bealach amháin chun freagairt dó sin is ea imeacht ón gcás nó an cás a sheachaint chun na mothúcháin sin a laghdú agus mothú níos fearr. Ar an drochuair, nuair a sheachnaíonn nó nuair a fhágann scoláire an scoil chun go mothóidh sé/sí níos fearr, ní fhaigheann an scoláire an deis chun dul i ngleic leis an gcás nó a fháil amach nach bhfuil an cás chomh dona agus a cheap sé/sí.

Tá sé tábhachtach foghlaim conas strus agus imní a bhainistiú gan iad a sheachaint. Is féidir le daoine fásta ról tábhachtach a bheith acu i dtaca leis an bpróiseas sin a stiúradh agus tacaíocht mhothúchánach agus spreagadh a sholáthar de réir mar a fhoghlaimíonn an scoláire scileanna agus straitéisí nua chun an cás a bhainistiú agus déileáil le deacrachtaí.

Smaointe Mothúcháin Iompraíochtaí

Tá ár smaointe, ár mothúcháin agus ár n-iompraíochtaí nasctha le chéile. Is féidir lenár smaointe dul i gcion ar an mbealach a mothaímid, ar an mbealach a ndéanaimid freagairt nó a n-iompraímid muid féin i gcúinse. Is gnáthrud é mórán smaointe éagsúla a bheith ag duine faoi chúinse. 'Féinchaint' a thugtar orthu sin uaireanta – na nithe a deirimid linn féin inár gcinn agus nach féidir le duine ar bith eile iad a chloisteáil. Is féidir le roinnt den fhéinchaint a bheith fóinteach, smaointe a mothaímid go maith dá mbarr, "Ní dhearna mé é seo riamh ach d'fhéadfadh spraoi a bheith ag baint leis" cé go bhféadfadh sé nach aon chabhair dúinn cuid den fhéinchaint agus go gcuirfeadh sí imní orainn "Ní bheidh mé go maith aige sin, beidh daoine ag gáire". Ní haon dochar smaointe nach aon chabhair iad a bheith agat, bíonn siad ag gach duine, ach tá sé tábhachtach a aithint cathain atá siad againn agus fiú amháin a rá "Ní haon chabhair an smaoineamh sin" agus gan ligean dóibh an lámh in uachtar a fháil.



Túsphointe tábhachtach is ea cabhrú le scoláirí a bheith feasach ar na smaointe a chabhraíonn leo agus ar na smaointe nach gcabhraíonn leo chun an bealach a mothaíonn siad agus a ndéanann siad iad féin a iompar a athrú. Má fhoghlaimíonn scoláirí conas smaoineamh ar bhealaí fóinteacha, cabhraíonn sé leo mothú níos muiníní chun déileáil le cúinsí atá deacair, dar leo. Is féidir scoláirí a threorú chun a bheith feasach ar a smaointe agus ar a bhféinchaint, lena chinneadh an dtugann siad cabhair dóibh nó nach dtugann agus cuidiú leo chun na smaointe nach dtugann cabhair dóibh a cheistiú. Má roghnaíonn siad na smaointe nach aon chabhair dóibh iad a chreidiúint, d'fhéadfaidís fanacht ag mothú brónach nó imníoch agus cúinsí a sheachaint chun go mothóidh siad níos fearr. Is féidir leis sin an timthriall seachanta a choinneáil ag imeacht.

I bhFíor 6, taispeántar conas atá smaointe, mothúcháin agus iompraíocht scoláire nasctha agus conas is féidir le smaointe nach aon chabhair iad dul i gcion ar mhothúcháin agus ar iompraíochtaí maidir le 'freastal ar scoil'.

Fíor 6: Timthriall na Smaointe Nach Aon Chabhair Iad i Scoláirí

SMAOINTE

Ní maith liom an scoil | Nílim ag iarraidh dul ar scoil | Ní féidir liom déileáil leis na hábhair | Beidh gach duine ag gáire fúm

MOTHÚCHÁIN

Imní | Strus | Croí ag preabadh | Ag cur allais | Pian bhoilg

IOMPRAÍOCHTAÍ

Gol | Gearán | Agóid | Scoil a Sheachaint



Faoi mar a thaispeántar i bhFíor 6, d'fhéadfadh smaointe nach aon chabhair iad a bheith ag scoláire amhail:

D'fhéadfadh imní nó strus a bheith orthu mar gheall ar na smaointe sin. De bharr na smaointe sin, d'fhéadfadh mothú struis fisiceach amhail an croí a bheith ag bualadh níos tapa, bosa ag cur allais nó pian bhoilg a bheith acu. Tá na mothúcháin sin míchompordach don scoláire agus d'fhéadfadh sé/sí rud éigin a dhéanamh chun 'an bhagairt' a sheachaint ionas go stopfaidh na drochmhothúcháin. D'fhéadfadh gol, gearáin, agóid, agus a bheith ag iarraidh dul ar scoil a sheachaint a bheith san áireamh san hiompraíochtaí.

Nuair a sheachnaíonn scoláire dul ar scoil ionas go n-imeoidh na mothúcháin mhíchompordacha, d'fhéadfadh sé faoiseamh gearrthéarmach a thabhairt dó/di. Mar sin féin, ní féidir leis an tseachaint sin feabhas a chur ar na mothúcháin struis agus imní san fhadtéarma. Go deimhin, is amhlaidh a dhéanann sé níos measa iad. Foghlaimíonn scoláire go stopann na mothúcháin mhíchompordacha má fhanann sé/sí sa bhaile, ach cailleann an scoláire an deis chun déileáil le deacrachtaí a mhothú, i.e., má dhéanann an scoláire an méid a iarrtar air/uirthi agus an méid a bhfuiltear ag súil leis uaidh/uaithi agus má théann an scoláire ar scoil fiú nuair atá sé/sí faoi strus nó míchompordach, go dtagann maolú ar na mothúcháin sin de réir mar a théann an lá ar aghaidh.

D'fhéadfadh dea-rúin a bheith ag tuismitheoirí i dtús báire agus é i gceist acu a leanbh a spreagadh chun dul ar scoil agus d'fhéadfaidís botún a dhéanamh ansin agus iad ag iarraidh cabhrú lena leanbh mothú níos fearr agus a m(h)othúcháin mhíchompordacha a mhaolú agus géilleadh dó/di nuair atá mothúcháin láidre nó iompraíocht agóide á léiriú ag an leanbh agus é/í ag rá nach féidir leis/léi dul ar scoil. Tosaíonn timthriall ina seachnaítear an scoil chun mothúcháin imní a mhaolú agus leanann sé ar aghaidh. Is féidir patrún seanbhunaithe a dhéanamh de sheachaint dul ar scoil go héasca agus de bhrí go mothaíonn an scoláire níos lú struis agus imní dá bharr tugtar an teachtaireacht dóibh gurb é an bealach chun déileáil leis an strus agus leis an imní ná fanacht sa bhaile agus gan dul ar scoil. Sin an fáth a bhfuil sé tábhachtach a bheith docht ag éileamh go gcaithfidh an scoláire freastal ar an scoil.

Mura mbristear an timthriall sin, d'fhéadfadh sé go dtosódh an scoláire ag mothú níos measa faoin gcás ina bhfuil sé/sí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí cúinsí nua a chruthú mar gheall ar a bheith as láthair ón scoil ar bhonn leanúnach agus d'fhéadfaidís sin a bheith ina ndíol imní don scoláire, amhail bearnaí ina c(h)uid foghlama, mothú go bhfuil sé/sí scoite amach ó chairde nó aird nach bhfuil ag teastáil a bheith á díriú ar an scoláire ag comhghleacaithe agus ag múinteoirí faoin gcúis nach raibh sé/sí ar scoil. D'fhéadfadh sé go mbeadh an baile níos compordaí agus d'fhéadfadh sé a bheith deacair ar an leanbh dul ar ais ar scoil. I bhfíor 7, taispeántar an chaoi a dtosaíonn seachaint scoile agus a leanann sí ar aghaidh.

Fíor 7: An Timthriall a Threisíonn Seachaint Scoile

(Arna chur in oiriúint ó Sheirbhís Síceolaíochta Oideachais West Sussex: Emotionally Based School Avoidance Good practice guidance for schools and support agencies)



D'fhéadfadh sé a bheith deacair ar thuismitheoirí agus ar mhúinteoirí an duine óg a fheiceáil agus roinnt míchompoird á mhothú aige/aici (gol, gearán, agóid) agus é/í ag fáil tacaíochta chun freastal ar scoil agus fanacht ar scoil. Acmhainn úsáideach chun cabhrú le scoláirí tuiscint a fháil ar strus agus ar imní agus iad a bhainistiú is ea ***Strus agus Imní a Bhainistiú - Treoir do Scoláirí***.

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na daoine fásta go léir atá timpeall ar an scoláire a n-imní féin faoin gcás a bhainistiú ar bhealach dearfach agus na straitéisí dearfacha atá acu féin chun ceart a bhaint de a léiriú. Sin teachtaireacht an-tábhachtach do thuismitheoirí. Má sholáthraítear ráitis dhearfacha chun ceart a bhaint den chás agus má léirítear conas imní a bhainistiú go dearfach, taispeánfaidh sé sin don scoláire gur féidir leis/léi na deacrachtaí atá aige/aici le hiompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile a shárú.

Tá breis eolais agus comhairle do bhaill foirne scoile, tuismitheoirí/caomhnóirí agus scoláirí maidir le strus/imní a bhainistiú ar fáil ar ***Folláine san Oideachas***.

Tá SNSO tar éis cúrsa ríomhfhoghlama do scoileanna dar teideal **'Cur Chuige a gCuireann an Tráma Bonn Eolais Faoi a Thabhairt Isteach. An Toisc Struis: An Chothromaíocht a Aimsiú i gCeart'.** Is gearrchúrsa é ina ndírítear ar an strus agus ar an tionchar atá aige ar fholláine, foghlaim agus iompraíocht. Baintear feidhm as cuir chuige seanbhunaithe agus nua atá bunaithe ar thaighde agus ar thaithí shíceolaithe SNSO chun smaointeoireacht, pleanáil agus gníomh a threorú. Tá sé mar chuspóir ag an oiliúint tacú le baill foirne scoile acmhainneacht a fhorbairt do chách, lena n-áirítear scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu agus iad siúd a bhfuil tráma agus cruachás ag cur as dóibh.

Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile agus Riachtanais Speisialta Oideachais

Is grúpa iad scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bhféadfadh dúshláin ar leith a bheith acu a bhféadfadh iompraíocht ina léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile a bheith mar thoradh orthu. D'fhéadfadh leibhéil arda struis agus imní teacht chun cinn má éiríonn na héilimh ródhúshlánach ar fud an lae scoile nó i gcásanna dothuartha. D'fhéadfadh na leibhéil arda struis agus imní sin straitéisí atá foghlamtha ag an scoláire chun ceart a bhaint den chás a shárú.

Nuair atá aghaidh á tabhairt ar fhreastal drogallach scoile i gcás scoláire a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta aige/aici, tá sé tábhachtach cuimhneamh ar chomhthéacs réimse leathan rioscaí atá sonraithe i bhFíor 1 chomh maith le breithniú a dhéanamh ar na riachtanais a d'fhéadfadh a bheith aige/aici sna réimsí seo a leanas.

- Scileanna teanga agus cumarsáide (a bhfuil á rá a chloisteáil agus a thuiscint agus a bheith ábalta freagra a thabhairt)
- Scileanna Sóisialta (ag idirghníomhú le daoine eile, ag iarraidh cabhrach, ag léiriú riachtanas)
- Scileanna Acadúla (coincheapa litearthachta agus uimhearthachta a thuiscint, tascanna acadúla a thuiscint chomh maith lena bhfuil de dhíth chun tasc a chríochnú)
- Scileanna Luaileacha
- Aird, tionscnamh, eagrú (tascanna a thosú, tascanna a choinneáil ag imeacht, tascanna a chríochnú)
- Féinrialúchán (mothúcháin a aithint ionat féin agus i ndaoine eile, straitéisí chun an ceart a bhaint de chásanna agus straitéisí féinsuaimhnithe)

Ag déileáil le heispéiris chéadfacha (torann, solas, bolaithe, tadhall, pasáistí gnóthacha) Is féidir le cásanna ina gcaitear na scileanna sin a úsáid a bheith dothuartha agus a bheith mar chúis le strus.

Doiciméad tábhachtach is ea **Treoir Dhea-chleachtais do Scoileanna maidir le hUathachas (2022)** chun cabhrú le riachtanas a shainaithint agus freagairt dó. Forbraíodh na treoirlínte do scoláirí a bhfuil uathachas ag gabháil dóibh ach mar sin féin tá feidhm leathan acu i dtaca le freagairt do riachtanais na scoláirí go léir ar fud an chontanaim tacaíochta do scoláirí a bhfuil réimse leathan riachtanas acu.

Conas Freagairt d'Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile – Pleanáil conas Tacú le Scoláire

Sa taighde, leagtar an bhéim ar idirghabháil luath agus go bhfuil pleanáil shoiléir agus cumarsáid mhaith idir tuismitheoirí/caomhnóirí, an scoil agus an scoláire thar a bheith tábhachtach do thorthaí rathúla. Tá sé tábhachtach ón tús go mbeadh tuismitheoirí agus múinteoirí soiléir agus tiomanta don sprioc comhchoiteann a bhaineann leis an duine óg a bheith ag freastal ar an scoil agus fanacht ar scoil.

A luaithe agus is eol do thuismitheoir/chaomhnóir go bhfuil an scoláire ag seachaint freastal ar scoil, ba cheart go mbeadh cruinniú idir an baile agus an scoil agus ba cheart go ndéanfaí tacaíochtaí a phleanáil agus a fheidhmiú, mar atá sonraithe sa treoir céim ar chéim thall.

Is iomaí gné a bhaineann le saol scoláire. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach go n-oibreodh líon gníomhaireachtaí agus seirbhísí le chéile chun na torthaí is fearr a chinntiú. Is mó an seans go dtarlóidh filleadh rathúil ar an scoil nuair atá gach duine soiléir maidir lena ról i dtaca le cabhrú leis an scoláire freastal go rathúil ar an scoil.

Sa chreat fadhbréitigh ceithre chéim atá ag SNSO, faoi mar a úsáidtear é laistigh de Chreat an Chontanaim Tacaíochta, soláthraítear cur chuige úsáideach do scoileanna chun eolas a bhailiú agus tacaíochtaí a phleanáil don scoláire. I bhFíor 8, soláthraítear forléargas ar an gcreat fadhbréitigh atá á fheidhmiú ar fhadhb na hiompraíochta ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile. Ar na leathanaigh seo a leanas, soláthraítear bearta is féidir a ghlacadh faoi gach céim ar bhealach níos mionsonraithe.

Fíor 8: Forléargas ar Chreat Fadhbréitigh SNSO, ar Creat é a Úsáidtear chun Aghaidh a Thabhairt ar Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile

- Cén chuma atá ar an deacracht?
- Cad é an scála riachtanais, e.g., líon na laethanta/codanna de laethanta as láthair?
- Cé atá imníoch?
- Cé hiad na daoine a fheiceann siad?
- Cá fhad atá sé seo ina dheacracht?

Dul Chun Cinn Déanta

- Dul Chun Cinn Déanta
- Freastal níos fearr nó teacht ar ais ar bhonn céimnithe ag dul ar aghaidh: níl gá le hatreorú ar aghaidh.

Gan aon Dul Chun Cinn Déanta

- Gan aon fheabhas ar fhreastal i ndiaidh don phlean comhaontaithe a bheith curtha i bhfeidhm
- Lean ar aghaidh ag déanamh cumarsáide leis na tuismitheoirí/caomhnóirí
- Sainaithin seirbhísí breise d'atreorú agus rannpháirtíocht féideartha
- Lean ar aghaidh ag plé le SNSO agus TESS
- I gcás riachtanais mheabhairshláinte, ar riachtanais iad atá idir measartha agus trom mol do na tuismitheoirí/ caomhnóirí dul i mbun plé leis an dochtúir teaghlaigh féachaint an mbeadh sé oiriúnach atreorú a dhéanamh chuig SMLO.
- Lean ar aghaidh ag coinneáil taifid de na tacaíochtaí agus de thorthaí na dtacaíochtaí sin sa Phlean Tacaíochta
- Cinntigh go dtugann tú athchuairt ar an gCreat um Réiteach Fadhbanna agus an plean tacaíochta á oiriúnú de réir mar is gá agus bearta leasaithe san áireamh ann. Bíodh tacaíocht agus comhairle ó ghníomhaireachtaí eile san áireamh agat



- Bailigh eolas chun riachtanais a shainaithint
- Ainmníonn an scoil ball foirne chun gníomhú mar phríomhtheagmhálaí scoile idir daoine fásta a mbaineann sé leo, (ie, tuismitheoirí/caomhnóirí agus foireann na scoile) agus an scoláire.
- Reáchtálann an príomhtheagmhálaí scoile cruinnithe leis na daoine fásta a mbaineann sé leo agus leis an scoláire chun eolas a bhailiú faoi na hábhair imní

- Tacaíochtaí scoile agus baile comhaontaithe leis na tuismitheoiri/caomhnóirí agus leis an scoláire
- Déan na tacaíochtaí comhaontaithe a thaifeadadh sa Phlean Tacaíochta Scoláire
- Na múinteoirí ábhartha go léir curtha ar an eolas faoin bplean
- D'fhéadfaí comhairliúchán le SNSO a iarraidh más gá
- Nuair atá an scoláire as láthair ar feadh breis agus 20 lá agus go bhfuil iniúchadh déanta ar gach iarracht ag leibhéal na scoile, ba cheart atreorú a dhéanamh chuig EWS
- Breithnigh an bhfuil atreorú chuig FSS/seirbhísí comhairleoireachta óige oiriúnach

Creat Fadhbréitigh SNSO chun Freagairt d'Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Treoir Céim ar Chéim

Céim 1: Cad é an tÁbhar Imní? Pointe Tosaigh

- Féadfaidh foireann na scoile iad seo a leanas a bhreithniú: Cé atá imníoch? Cathain a thosaigh an deacracht? Cad é scála na deacrachta, e.g., líon na laethanta/codanna de laethanta as láthair. An bhfuil patrún ag gabháil leis an bhfreastal/an asláithreacht, e.g., déanach, ar iarraidh ó ranganna ar leith nó ar iarraidh ag amanna ar leith i rith an lae? Is féidir é sin a thaifeadadh ar leathanach 1 den teimpléad 'Bailiú Eolais: Seicliosta don Scoil agus don Tuismitheoir/Chaomhnóir' in **Aguisín A**

Céim 2: Cén fáth a bhfuil sé ag Tarlú? Bailiú Eolais agus Measúnú

- Ba cheart go socródh príomhtheagmhálaí scoile (e.g., Múinteoir Tacaíochta, Ceann Bliana, Príomhoide Tánaisteach, Comhairleoir Treorach, ball den Fhoireann Tacaíochta Scoláire lena n-áirítear Múinteoir TBSP nó oifigeach críochnaithe scoile nuair atá fáil ar a leithéid etc.) cruinniú leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun eolas a bhailiú faoi ábhair imní agus iarracht a dhéanamh tuiscint níos fearr a fháil ar sheachaint scoile an scoláire agus baic ar bith atá ar fhilleadh an scoláire ar an scoil. Tá sé tábhachtach go dtuigfeadh gach duine go bhféadfadh sé a bheith deacair ar thuismitheoirí/chaomhnóirí caint faoin deacracht atá acu a leanbh a chur ar scoil. Is minic a bhíonn imní ar thuismitheoirí/chaomhnóirí go bhféadfaí an milleán a chur orthu maidir le hasláithreacht a linbh agus go bhféadfaí breithiúnas a thabhairt ar a scileanna tuismitheoireachta. D'fhéadfadh imní a bheith ar thuismitheoirí/chaomhnóirí freisin faoi roinnt gnéithe ar leith de shaol scoile a linbh. Tá sé tábhachtach go mbeadh na comhráite go léir dírithe ar thuiscint a fháil ar a bhfuil ag tarlú don scoláire agus cad is féidir a dhéanamh chun cabhrú le freastal a mhéadú. Beidh tuiscint agus comhbhá ag teastáil. Is féidir leis an scoil ball foirne oiriúnach a ainmniú chun gníomhú mar phríomhtheagmhálaí scoile idir tuismitheoirí/caomhnóirí, foireann na scoile agus an scoláire. D'fhéadfaí an príomhtheagmhálaí scoile a roghnú i gcomhar leis an scoláire.

- Féadfaidh an scoil comhairle a chur ar thuismitheoirí/chaomhnóirí faoi straitéisí agus tacaíochtaí tosaigh a d'fhéadfadh cabhrú lena leanbh freastal a athbhunú, agus an acmhainn ***Ag Tacú le do Leanbh nuair atá Drogall air/uirthi Freastal ar Scoil: Treoir do Thuismitheoirí agus do Chaomhnóirí Leanaí Iar-Bhunscoile' a chur ar fáil.***
- Soláthraíonn an 'Bailiú Eolais: Seicliosta don Scoil agus don Tuismitheoir/Chaomhnóir in Aguisín A leideanna úsáideacha don phríomhtheagmhálaí scoile nuair atá eolas á thabhairt le cheile ón mbaile agus ón scoil, chun tuiscint a fháil ar na nithe a d'fhéadfadh a bheith á mothú ag an scoláire. Nuair atá eolas á bhailiú ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, tá tuiscint ar chúlra an teaghlaigh agus ar stair forbartha/oideachais an scoláire tábhachtach.
- Ba cheart don phríomhtheagmhálaí scoile dul i mbun plé leis an scoláire chun a t(h)uairimí a fháil. Bíodh comhbhá agat leis/léi agus admhaigh cé chomh deacair agus a bhí rudaí. Is féidir eolas a bhailiú faoi láidreachtaí agus dúshláin, nithe dearfacha is féidir leo a aithint faoin scoil, ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith acu agus faoina gcaidreamh lena bpiaraí agus le foireann na scoile. Bainfidh éagsúlacht leis na huirlisí a úsáidfear chun tuairimí an scoláire a fháil ag brath ar aois an scoláire, a leibhéal tuisceana agus teanga. Is féidir le tacaíochtaí amhairc agus líníochtaí a bheith cabhrach chun tacú le comhrá mar go mbíonn sé deacair ar mhórán scoláirí a smaointe, a mothúcháin agus a mianta a chur i bhfocail. Beidh **Aguisín B** – 'Mo Thuairimí faoin Scoil' úsáideach nuair atá iniúchadh á dhéanamh ar smaointe agus mothúcháin scoláire faoin scoil.
- Ba cheart don phríomhtheagmhálaí scoile eolas a bhailiú ó dhaoine fásta ábhartha sa scoil, e.g., na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo, breathnóireacht ar láidreachtaí, deacrachtaí, cairdeas, cumas acadúil, tacaíochtaí reatha agus freagairt an scoláire dóibh etc. Beidh Suirbhé na Múinteoirí Ábhair ar leathanach 29 den Chontanam Tacaíochta d'lar-bhunscoileanna fóinteach maidir leis an eolas sin a thiomsú ó mhúinteoirí iomadúla.

Céim 3: Conas is Féidir Linn Cabhair a Thabhairt? Pleanáil agus Idirghabháil

- Agus úsáid á baint as an eolas a bailíodh, ba cheart Plean Tacaíochta Scoláire a chomhaontú idir an scoil, tuismitheoirí/caomhnóirí agus an scoláire agus úsáid á baint as an **gComhad Tacaíochta Scoláire**. Ba cheart go mbeadh straitéisí agus coigeartuithe praiticiúla san áireamh sa phlean sin chun tacú leis an scoláire filleadh ar scoil/fanacht ar scoil. Is féidir straitéisí a roghnú as Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Straitéisí Scoilbhunaithe in **Aguisín C,** cé nach bhfuil an liosta sin uileghabhálach agus braithfidh na straitéisí a roghnófar ar riachtanais gach scoláire faoi mar a sainaithníodh iad ag an gcéim "Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?
- D'fhéadfadh teimpléad 'Plean chun Mé a Bheith ar Scoil' in **Aguisín D**, a bheith mar bhealach úsáideach chun na tacaíochtaí atá comhaontaithe don scoláire a thaifeadadh. Féadfaidh an scoláire féin cóip den phlean sin a choinneáil mar thagairt.
- I gcás scoláirí a bhí as láthair ón scoil go seasta agus go bhféadfaidís leas a bhaint as filleadh de réir a chéile, d'fhéadfadh na hamanna comhaontaithe chun freastal ar an scoil a bheith san áireamh sa phlean. **Aguisín E** - In 'Teimpléid Shamplacha agus Bhána: Céimeanna san Fhilleadh de Réir a Chéile' - tugtar breac-chuntas ar chéimeanna de réir a chéile a d'fhéadfaí a chomhaontú leis an scoláire agus a ghlacfaidh an scoláire bunaithe ar an méid is dócha a mbeidh sé/sí ábalta déileáil leis chun an t-am a chaitear sa scoil/seomra ranga a mhéadú de réir a chéile.
- Ba cheart na daoine fásta ábhartha go léir sa scoil a chur ar an eolas maidir leis an bplean tacaíochta, i.e. Cad iad atá á gcur ar fáil agus cé atá á gcur ar fáil, go háirithe aon difreáil, oiriúnuithe, coigeartú ar an timpeallacht nó athruithe ar ghnáthaimh i ranganna/i bpasáistí/sa chlós atá ag teastáil.
- Ba cheart na tacaíochtaí a chur i bhfeidhm láithreach agus dáta athbhreithnithe a shocrú don phlean tacaíochta.
- Beidh cruinnithe breise idir an príomhtheagmhálaí scoile agus na tuismitheoirí/caomhnóirí úsáideach le linn na tréimhse ina mbeidh an plean á fheidhmiú.
- Beidh sé fóinteach freisin tacaíocht a thairiscint don scoláire, e.g., ag baint úsáid as straitéisí ón gcuid maidir le scileanna a theagasc in Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Straitéisí Scoilbhunaithe in **Aguisín C.**

- Is féidir Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile - Comhairle don Fhoireann Scoile go Léir' in **Aguisín F** a roinnt leis na múinteoirí go léir chun comhsheasmhacht sa chur chuige a chinntiú.
- Ba cheart taifead den fhreastal agus an t-am a caitheadh ar scoil a choinneáil sa scoil. Má tá lá scoile laghdaithe á chur i bhfeidhm, ní mór don scoil **Laethanta Scoile Laghdaithe a Úsáid i Scoileanna. Treoirlínte do scoileanna maidir le laethanta scoile laghdaithe a thaifeadadh agus a fhógairt** a leanúint.
- D'fhéadfadh sé go mbeadh an scoil ag iarraidh teagmháil a dhéanamh lena síceolaí SNSO (féach ' An ról atá ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais maidir le hiompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile' in **Aguisín H**). Nuair atá an scoláire as láthair ar feadh breis agus 20 lá agus go bhfuil gach iarracht déanta ag leibhéal na scoile, is féidir atreorú a dhéanamh chuig EWS, (féach 'An Ról atá ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla maidir le hiompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile' in **Aguisín I)**. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar chumas CNOS comhairle a sholáthar má tá Riachtanais Speisialta Oideachais ag an scoláire.
- Lorg toiliú ó thuismitheoirí/chaomhnóirí má tá atreoruithe chuig seirbhísí FSS/Óige/Comhairleoireachta ábhartha.

Céim 4: Ar oibrigh sé? Athbhreithniú

Déan athbhreithniú ar an bplean tacaíochta atá sonraithe sa Chomhad Tacaíochta Scoláire le gach duine a bhfuil baint aige/aici leis an gcás agus cinntigh gur cuireadh gach céim i bhfeidhm. **Má rinneadh dul chun cinn déan na nithe seo a leanas a bhreithniú:**	**Mura bhfuil aon fheabhas tagtha ar an bhfreastal ar an scoil i ndiaidh don phlean a bheith curtha i bhfeidhm, déan na nithe seo a leanas a bhreithniú:**
• Sainaithin na straitéisí ar éirigh leo. • Sainaithin na nithe a chuir moill ar dhul chun cinn agus déan réitigh a iniúchadh. • Sainaithin idirghabhálacha a bhí rathúil agus ar gá go leanfaidís ar aghaidh. • Breithnigh an féidir an plean a oiriúnú chun torthaí nó bearta nua a chur san áireamh ann agus breithnigh an bhfuil gá le tacaíochtaí breise? Bain úsáid arís as an gcreat fadhbréitigh chun iad sin a shainaithint agus a chur i bhfeidhm a luaithe agus is féidir. • Lean ar aghaidh ag taifeadadh idirghabhálacha scoilbhunaithe sa phlean tacaíochta.	• Lean ar aghaidh ag déanamh cumarsáide leis na tuismitheoirí. • Sainaithin, agus déan atreorú pras chuig seirbhísí ábhartha ar bith a d'fhéadfadh idirghabháil a dhéanamh. • Seirbhís Leasa Oideachais (EWS)is féidir atreorú a dhéanamh chuig TESS agus seachaint scoile a lua ar an atreorú.Ba cheart tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoin atreorú mar dhea-chleachtas. • Téigh i dteagmháil/i dteagmháil arís le SNSO. • I gcás riachtanais mheabhairshláinte atá measartha/trom, mol do thuismitheoirí/chaomhnóirí labhairt lena ndochtúir teaghlaigh agus plé a dhéanamh ar atreorú féideartha chuig SMLO. • D'fhéadfadh sé a bheith fóinteach fóram idirghníomhaireachta a bhunú, amhail próiseas 'Meitheal' chun aird a tharraigt ar thacaíochtaí breise a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an scoláire. • Uaireanta, ainneoin dianiarrachtaí na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus na scoile, ní tharlaíonn filleadh ar fhreastal iomlán go tapa. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar léiriú ar chastacht an cháis agus an gá atá le comhoibriú leanúnach. • Cinntigh go dtugann tú athchuairt ar an gCreat um Réiteach Fadhbanna agus an plean tacaíochta á oiriúnú de réir mar is gá agus bearta leasaithe san áireamh ann. Bíodh tacaíocht agus comhairle ó ghníomhaireachtaí eile san áireamh agat de réir mar a bhíonn siad ar fáil.

Aguisín A - Bailiú Eolais Seicliosta don Scoil agus don Tuismitheoir/Chaomhnóir

Arna chur in oiriúint ó: Phacáiste Acmhainní Ros Comáin um Dhiúltú Scoile. Eolas do Scoileanna agus do Thuismitheoirí

Dáta	
Ainm an Scoláire	
Ainm an Tuismitheora	
Ainm an Phríomhtheagmhálaí Scoile a chomhlánaigh an fhoirm	
An bhfuil Comhad/Plean Tacaíochta Scoláire i bhfeidhm Cad atá ag oibriú?	
An bhfuil múinteoirí ar an eolas faoi riachtanais shainaitheanta nó tacaíochtaí molta a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an scoláire?	
láidreachtaí an scoláire	
Cad é an tÁbhar Imní? Cé atá imníoch? Cathain a thosaigh an deacracht?	
Cad é scála na deacrachta, e.g., líon na laethanta/codanna de laethanta as láthair.	
An bhfuil patrún ag gabháil leis an bhfreastal/an asláithreacht, e.g., déanach, ar iarraidh ó ranganna ar leith nó ar iarraidh ag amanna ar leith i rith an lae?	
Déan cur síos ar an gcuma atá ar an deacracht, e.g., ag gearáin, ag gol, iompar bagrach i leith daoine eile, ag iarraidh fágáil go luath.	

Cad iad na nithe nach maith leis an scoláire faoin scoil? Cad a chuireann imní air/uirthi/ cad a mhúsclaíonn é/í e.g., obair, scrúduithe, cúrsaí áirithe, piaraí.
Cad atá éagsúil ar na laethanta a dtéann an scoláire ar scoil go rathúil?
Líonraí tacaíochta an scoláire (cé hiad siúd ar féidir leo cabhair a thabhairt?)

Timpeallacht	
Athrú, e.g. ag athrú tí/scoile, scaradh tuismitheora/caomhnóra/ball teaghlaigh, daoine breise sa teaghlach, andúil, bás duine den teaghlach	
Cónaí ar an scoláire i mbreis agus teach amháin / lóistín sealadach	
Dúshláin phraiticiúla/airgeadais i dtaca le teacht ar scoil	
Eile	

RSO agus Riachtanais Bhreise	
Riachtanais foghlama, litearthachta, teanga ar bith a bhfuil eolas orthu/atá ag teacht chun cinn	
Seachaint gníomhaíochtaí scoile ar leith	
Riachtanais chéadfacha, riachtanais a bhaineann le haire, aird, eagar, meabhairshláinte	
Eile	

Sóisialta	
Bulaíocht/cibearbhulaíocht	
Deacrachtaí i dtaca le caidreamh le piaraí/múinteoirí	
Deacrachtaí sóisialta/cumarsáide	
Aonrú sóisialta, easpa muiníne	
Ag streachailt le linn am neamhstruchtúrtha	

Folláine Mhothúchánach	
Cuma thuirseach air/uirthi	
Is cosúil go bhfuil easpa spreagtha/suime á léiriú aige/aici.	
Léiríonn sé/sí easpa féinmheasa	
Cúthail, ciúin nó éighníomhach	
Cuma imníoch/bhuartha air/uirthi	
Deacrachtaí aige/aici é/í féin a rialú	
Athrú ar ghiúmar/theacht i láthair	

Folláine Choirp	
Tá tinneas nó riocht tromchúiseach sláinte ag cur as dó/di	
Ag éagaoineadh tinnis nó tinneas cinn	
Ábhair imní eile	

Cad a bhí cabhrach go dtí seo, dar libhse mar thuismitheoirí/chaomhnóirí? Cad é an fhreagairt go dtí seo d'idirghabháil na scoile?	
Cad iad na spriocanna atá ag na tuismitheoirí/caomhnóirí don leanbh seo?	
Cad iad na spriocanna atá ag an scoil don leanbh seo?	

Aguisín B – Mo thuairimí faoin Scoil

Arna chur in oiriúint ó Sheirbhís Síceolaíochta Oideachais West Sussex: Emotionally Based School Avoidance Good practice guidance for schools and support agencies

Ba mhaith linn beagán eile a fháil amach faoi do mhothúcháin maidir le dul ar scoil

Conas a mhothaíonn tú faoi dhul ar scoil? (Cuir ciorcal timpeall ar uimhir ó 1 go 10, le do thoil)



Ní mhothaím go maith!

Ceart go leor..

Iontach!

Tá sé ceart go leor agus is gnáthrud é a bheith corraithe nó scanraithe faoi bheith ag dul ar ais ar scoil. D'fhéadfadh sé go mbeadh an dá mhothúchán sin agat ag an am céanna fiú. Is féidir leat caint leis na daoine fásta sa bhaile agus ar scoil faoi do chuid mothúchán, mar go mbeidh siad ag iarraidh cabhrú leat.

Nuair a bhíonn tú ag smaoineamh ar an scoil, cé acu de na ráitis seo atá fíor maidir leat féin?

(Cuir tic sa bhosca faoin bpictiúr, le do thoil, má tá sé fior)

Bíonn imní orm	Bíonn imní orm faoi mo thuismitheoirí/ chaomhnóirí a fhágáil chun dul ar scoil	Is féidir liom rudaí a dhéanamh má dhéanaim an-iarracht	Teastaíonn cabhair uaim le mo chuid foghlama	Ní éisteann daoine liom ná ní chreideann siad mé.
☐	☐	☐	☐	☐
Ní maith liom a bheith ag léamh os ard	Tá daoine ann a chabhraíonn liom ar scoil	Tagann mearbhall orm	Is fearr liom am a chaitheamh ag déanamh rudaí sa bhaile	Creidim go bhfuil cion ag daoine orm ar scoil
☐	☐	☐	☐	☐
Ní maith liom roinnt de na múinteoirí	Bíonn roinnt daoine gránna liom	Tá imní orm go mbeidh mé tinn	Ceapaim go bhfeabhsói dh rudaí	B'fhearr liom am a chaitheamh ar mo chluichí nó ag féachaint ar an teilifís.
☐	☐	☐	☐	☐
Tá an scol róghlórach nó róghnóthach	Bíonn náire orm	Tá cairde agam ar scoil	Ní thuigim cad atá á rá ag an múinteoir	B'fhearr liom a bheith sa bhaile
☐	☐	☐	☐	☐

Seo roinnt eile ráiteas. Nuair a bhíonn tú ag smaoineamh ar an scoil, cé acu de na ráitis seo atá fíor maidir leat féin?

(Cuir tic sa bhosca faoin bpictiúr, le do thoil, má tá sé fior)

Bíonn imní orm faoi scrúduithe	Mothaím muintearas ag mo scoil	Táim ag teastáil ó mo theaghlach sa bhaile	Bíonn imní orm faoi bhualadh le mo chomhscoláirí	Bíonn imní orm go mbeidh mo theaghlach tinn
☐	☐	☐	☐	☐
Bíonn imní orm faoin mbarúil atá ag daoine díom	Ní maith liom amanna sosa	Éisteann daoine liom ar scoil	Mothaím brónach	Níl a fhios agam conas cairdeas a dhéanamh
☐	☐	☐	☐	☐
Mothaím uaigneach	Ní maith liom a bheith ag obair i ngrúpa	Táim ag iarraidh dul ar scoil	Bíonn imní orm faoin obair bhaile	Mothaím sábháilte nuair atáim ar scoil
☐	☐	☐	☐	☐
Is foghlaimeoir maith mé	Is fearr liom a bheith le mo theaghlach nó le mo chuid peataí	Ní maith liom athruithe ar ghnáthamh	Mothaím go bhfuil mo cheann rólán	
☐	☐	☐	☐	

Ar scoil, ba mhaith liom a bheith níos fearr ag:

(Cuir ciorcal timpeall ar na cinn a bhfuil feidhm acu)

An bhfuil rud ar bith eile ar mhaith leat a bheith níos fearr aige?



Nuair a mhothaím faoi strus - na rudaí a chabhraíonn liom

Nuair a mhothaím faoi strus, is iad seo na rudaí is mó a chabhraíonn liom:

(Roghnaigh na cinn a bhfuil feidhm acu)

Déan iarracht smaoineamh ar rud éigin eile

☐

Aclaíocht

☐

tarraing análacha suaimhneacha

☐

Tarraing, dathaigh nó péinteáil

☐

Seinn ceol nó éist leis

☐

Labhair le cara

☐



Labhair le duine fásta

☐

Am ciúin a bheith agam

☐

Níl a fhios agam

☐

Cad a d'fhéadfadh cabhrú?

- **Ainmnigh do mhothúchán chun níos lú cumhachta a thabhairt dó**
- **Úsáid d'anáil chun do chorp a shuaimhniú**
- **Buail le do phríomhdhuine fásta**
- **Úsáid do chárta sosa**
- **Déan cleachtadh ar fhéinchaint dhearfach *(Imeoidh sé seo - beidh mé ceart go leor)***
- **Tóg d'intinn de**

Eile

An bhfuil rud ar bith eile a dhéanann tú a chabhraíonn leat?

Go raibh maith agat as an ceistneoir seo a chomhlánú. Cabhróidh do chuid freagraí le daoine fásta an bealach a bhféadfaidh siad cabhrú leat dul ar ais ar scoil a phleanáil.

An bhfuil rud ar bith atá tú ag iarraidh a fhiafraí de na daoine fásta ar scoil nó sa bhaile nó an bhfuil rud ar bith eile atá tú ag iarraidh a rá leo?

Aguisín C - Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile Straitéisí Scoilbhunaithe

Tá straitéisí réamhghníomhacha a ghlactar ag leibhéal scoile uile nó ag leibhéal ranga uile mar ghné ríthábhachtach maidir le deacrachtaí do scoláirí a chosc agus a mhaolú.Mar a léiríodh cheana, soláthraíonn cur chuige coisctheach scoile uile maidir le folláine bonn láidir chun tacú le scoláirí a bhfuil iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile á mothú acu.

Tacaíonn cleachtais ranga ina gcruthaítear timpeallacht foghlama atá sábháilte agus intuartha leis na scoláirí go léir agus éascaíonn siad feidhmiú tacaíochtaí atá dírithe níos mó ar an duine aonair dóibh siúd a bhfuil na tacaíochtaí sin de dhíth orthu. Uirlis úsáideach is ea **Aguisín G** 'Seicliosta don Timpeallacht Foghlama', chun cabhrú le múinteoirí gníomhaíochtaí a shainaithint a d'fhéadfaí a dhéanamh ag leibhéal ranga uile chun difríocht a dhéanamh do chách, ach a d'fhéadfadh tacú freisin le scoláire a bhfuil iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile á mothú aige/aici.

Nuair atá breithniú déanta ar straitéisí ranga uile nó scoile uile, smaoinigh ar an méid is féidir leis an scoil a dhéanamh chun strus a laghdú agus cumas scoláirí déileáil le deacrachtaí a mhéadú i gcás scoláirí a bhfuil iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile á mothú acu, bunaithe ar an eolas a bailíodh ag an gcéim 'Cén fáth a bhfuil sé ag tarlú?' i gCreat Fadhbréitigh SNSO chun Freagairt d'Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile.

Chun strus a laghdú, breithnigh an bhfuil gá le difreáil maidir le:

- hAird/díriú aire/fócas (e.g. sosanna gluaiseachta)
- Riachtanais foghlama/litearthachta/teanga, (e.g. éilimh theanga a laghdú nó gan a iarraidh ar an scoláire léamh os ard/freagra a thabhairt sa rang)
- Scileanna sóisialta (e.g. grúpaí ranga, an chaoi a gcaitear amanna sosa a scafláil)
- Scileanna luaileacha/comhordú (e.g. inrochtaineacht/inseoltacht foirgnimh a fheabhsú)
- Feidhmiú feidhmiúcháin (e.g. éilimh eagraíochta a laghdú, leideanna amhairc a mhéadú)
- Riachtanais chéadfacha (e.g. clog níos ciúine chun torann ard a laghdú, cead an rang a fhágáil níos luaithe chun spás pearsanta a mhéadú agus amanna aistrithe ar phasáistí a sheachaint agus úsáid á baint as 'cárta um fhágáil go luath' nó oiriúnuithe éide chun dul i ngleic le híogaireacht tadhaill)
- D'fhéadfadh sé go mbeadh scoileanna ag iarraidh tacaíocht ó Sheirbhís Tacaíochta CNOS a chuireann tacaíocht ar fáil d'fhoirne scoile chun feabhas a chur ar a n-acmhainn maidir leis na riachtanais atá ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shásamh.

Chun an **cumas déileáil le deacrachtaí** a mhéadú déan na nithe seo a leanas a bhreithniú:

- Struchtúr a mhéadú (e.g. Suíocháin a cheadú san áit is rogha leis an scoláire, leis na piaraí is rogha leis/léi nó trí ghníomhaíochtaí struchtúrtha a sholáthar ag amanna sosa chun go mbeidh sóisialú níos éasca)

- Intuarthacht a mhéadú (e.g, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach 'réad idirthréimhseach' 'nó réad tacúil' a thabhairt isteach nuair atá leisce ar an scoláire freastal ar an scoil. Cabhraíonn sé leis an scoláire a mhothú go bhfuil sé/sí sábháilte. Má sholáthraítear am tosaithe agaithe nuair atá na pasáistí ciúin agus socrú a dhéanamh go mbuailfidh ball foirne ainmnithe leis an scoláire ag an doras, cuirfidh sé sin leis an intuarthacht freisin.
- Gnáthamh a sholáthar (e.g, comhaontú a dhéanamh leis an scoláire maidir leis an mbealach a léireoidh sé/sí go bhfuil sos ón rang ag teastáil uaidh/uaithi má tá sé/sí faoi strus, amhail 'cárta sosa' a thaispeáint don mhúinteoir agus dul chuig spás ciúin atá maoirsithe nó bualadh le ball foirne ainmnithe). Beidh sé cabhrach don scoláire má tá teacht aige/aici ar bhall foirne tacúil nó ar spás maoirsithe nuair a mhothaíonn an scoláire nach féidir leis/léi fanacht ar scoil mar go gcabhróidh sé sin leis/léi fanacht sa scoil, seachas fágáil agus dul abhaile nuair atá imní air/uirthi.
- Leanúint ar aghaidh ag spreagadh nascadh le piaraí agus le gníomhaíochtaí seach-churaclaim. D'fhéadfaí a iarraidh ar chomrádaí bualadh leis an scoláire atá ag filleadh chun cabhrú leis/léi é/í féin a ath-imeascadh i saol na scoile. Tá sé tábhachtach leas a bhaint as láidreachtaí ar bith i réimsí neamhacadúla, e.g. spóirt, damhsa, ceol, etc. chun tacú leis an scoláire é/í féin a ath-imeascadh sa scoil.
- Scileanna a theagasc nuair atá bearnaí ann. Is féidir le scoileanna tacú leis an scoláire le linn am tacaíochta chun foghlaim faoi:
  - ✓ Imní agus an nasc atá idir smaointe, mothúcháin, agus iompraíocht. D'fhéadfadh na doiciméid: ***Strus agus Imní a Bhainistiú. Treoir do Bhaill Foirne Scoile, Smaointe, Mothúcháin agus Iompraíocht a Normalú: Treoir do Bhaill Foirne Scoile, Strus agus Imní a Bhainistiú - Treoir do Scoláirí*** agus ***Smaointe agus Mothúcháin a Bhainistiú - Treoir do Scoláirí***, a bheith úsáideach.
  - ✓ Scileanna chun déileáil le deacrachtaí agus scileanna féinrialaithe. D'fhéadfadh na doiciméad ***Féinrialú do Scoláirí. Treoir d'Fhoirne Scoile*** agus ***Scaoll a Bhainistiú*** a bheith úsáideach.
  - ✓ Scileanna sóisialta chun tacú le cairdeas a dhéanamh agus a choinneáil agus cúinsí sóisialta a stiúradh ar scoil.
  - ✓ Scileanna fadhbréitigh

- Beidh **Aguisín F** – ''Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile. Comhairle do na Baill Foirne Scoile go Léir' úsáideach chun é a roinnt le múinteoirí. An rud is tábhachtaí ar fad, má fhilleann scoláire ar scoil tar éis dó/di a bheith as láthair ar feadh tamall fada, ba cheart go gcuirfí in iúl do bhaill foirne nár cheart an scoláire a cheistiú ná a fhiafraí den scoláire cén fáth nach raibh sé/sí sa rang. Tógfaidh sé am ar an scoláire dul i gcleachtadh ar a bheith ar ais i dtimpeallacht na scoile agus a bheith rannpháirteach go hiomlán sa teagasc agus san fhoghlaim. Ba cheart a dheimhniú don scoláire gur féidir tacú leis/léi le rud ar bith a chaill sé/sí nuair a bheidh sé/sí socraithe isteach.

Aguisín D - Teimpléad do Mo Phlean Chun a Bheith ar Scoil

Mo Phlean Chun a Bheith ar Scoil[1]		
Ainm:	Dáta:	Rang
Ar scoil, is féidir leis na rudaí seo buairt a chur orm		
Nuair a thosaíonn buairt ag teacht orm, tugaim na rudaí seo faoi deara fúm féin:		
Nuair a thosaíonn buairt ag teacht orm, tugann daoine eile na rudaí seo faoi deara fúm:		
Na rudaí is féidir liom a dhéanamh chun go mothóidh mé níos fearr nuair atáim ar scoil		
Is é/í/iad mo phríomhdhuine (phríomhdhaoine) fásta ar scoil ná: Cathain is féidir liom labhairt le mo phríomhdhuine (phríomhdhaoine) fásta: Cá háit ar féidir liom labhairt le mo phríomhdhuine (phríomhdhaoine) fásta:		
Na rudaí is féidir le daoine eile (baill foirne agus piaraí) a dhéanamh chun cabhrú liom mothú níos fearr nuair atáim ar scoil.		
Na rudaí is féidir le mo theaghlach a dhéanamh chun tacú liom freastal ar scoil.		

[1] Arna chur in oiriúint ó Sheirbhís Síceolaíochta Oideachais West Sussex: Emotionally Based School Avoidance Good practice guidance for schools and support agencies

Ainm:	Dáta:	Rang
Cuimsíonn mo phlean chun a bheith ar scoil go bhfreastalóidh mé ar scoil a[2]: Laethanta: Amanna:		
Mo shíniú	**Síniú an Phríomhtheagmhálaí scoile**	**Síniú an tuismitheora/chaomhnóra**
Is iad seo a leanas na daoine eile a bhfuil rochtain acu ar an bplean:		

[2] Níor cheart an chuid seo a úsáid ach amháin le scoláirí a bhí as láthair ón scoil go seasta, agus go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as filleadh ar an scoil de réir a chéile.

Aguisín E - Teimpléid Shamplacha agus Bhána: Céimeanna i bhFilleadh de Réir a Chéile[3]

[2] Níor cheart an acmhainn seo a úsáid ach amháin le scoláirí a bhí as láthair ón scoil go seasta, agus go bhféadfaidís tairbhe a bhaint as filleadh de réir a chéile.

Aguisín F - Iompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile Comhairle don Fhoireann Scoile go Léir

Tá ról tábhachtach agat maidir le tacú le scoláirí a bhfuil iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile á mothú acu chun an méid ama a chaitheann siad ar scoil a mhéadú. Tá straitéisí réamhghníomhacha a nglactar leo ag leibhéal scoile uile nó ag leibhéal ranga uile mar ghné ríthábhachtach maidir le tacú le freastal scoile. Má chuirtear struchtúir agus cleachtais éifeachtacha scoile uile agus ranga uile i bhfeidhm, is féidir leis sin tacú le rannpháirtíocht ghníomhach na scoláirí go léir. Chun cabhrú leat athbhreithniú a dhéanamh ar stuchtúir agus ar chleachtais scoile uile, bheadh sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar **Aguisín G** – 'Seicliosta don Timpeallacht Foghlama'. Ina theannta sin, i gcás scoláire a bhfuil iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile á mothú aige/aici, beidh an chomhairle seo a leanas úsáideach duit:

- Cuir eolas ar aon phlean tacaíochta a comhaontaíodh leis an scoláire, le tuismitheoirí/caomhnóirí an scoláire agus leis an bpríomhtheagmhálaí scoile agus atá taifeadta sa Chomhad Tacaíochta Scoláire. Tá comhsheasmhacht sa chur chuige ar fud ranganna fíorthábhachtach
- Sainaithin baic ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag cur leis an iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile sa seomra ranga agus déan iniúchadh ar réitigh, e.g. éilimh acadúla atá ró-ard nó ró-íseal, riachtanais shóisialta nó mhothúchánacha, imní, bulaíocht etc
- Bain aon chonstaicí a d'fhéadfadh cosc a chur ar rath más féidir leat, e.g. cinntigh go soláthraítear obair agus gníomhaíochtaí a bhfuil an scoláire spreagtha chun triail a bhaint astu agus a bhfuil sé/sí ábalta tabhairt fúthu
- Fan i mbun cumarsáide le príomhtheagmhálaí scoile na scoile maidir leis na nithe atá ag obair agus nach bhfuil ag obair agus maidir le láidreachtaí agus riachtanais an scoláire
- Coinnigh caidreamh dearfach leis an scoláire
- Bí fáilteach agus ionchuimsitheach nuair atá sé/sí ar scoil
- Ná ceistigh an scoláire faoi na cúiseanna lena neamhláithreachas

- Tabhair aitheantas do mhothúcháin an scoláire agus don deacracht atá aige/aici ach cuir in iúl dó/di go gcreideann tú gur féidir leis/léi déileáil leis an deacracht sin. Seo roinnt scripteanna a d'fhéadfadh múinteoir a úsáid:

"Tá a fhios agam go bhféachann sé deacair, ach cuirfidh mé geall leat gur gearr go mbeidh tú ar ais ag baint taitnimh as teacht ar scoil agus as a bheith le do chairde"

"Is cuimhin liom go raibh roinnt struis ort inné ag teacht isteach ach go raibh tú ceart go leor ina dhiaidh sin"

- Déan breithniú ar an mbealach ar féidir le piaraí tacúla cabhrú leis an scoláire sa seomra ranga. Má chaill scoláire am scoile, d'fhéadfadh sé a bheith scanrúil filleadh ar ghníomhaíochtaí sóisialta agus d'fhéadfadh piara cabhrú leis sin

- Tacaigh leis an scoláire chun rochtain a fháil ar ábhar tábhachtach sa churaclaim a bhféadfadh sé a bheith caillte aige/aici. Tá sé tábhachtach nach ndíreodh foireann na scoile ar fhoghlaim acadúil ar an bpointe boise agus ar 'bhreith suas leis an obair' sula gcinnteofar go mothaíonn an scoláire slán agus sábháilte. Má dhírítear ar fholláine agus ar mhuintearas beidh an scoláire níos ullmhaithe chun páirt a ghlacadh san fhoghlaim
- Treisigh an úsáid a bhaineann an scoláire as sraitéisí féinrialaithe ar bith/as straitéisí ar bith chun déileáil le deacrachtaí a múineadh mar chuid den phlean idirghabhála

"An féidir leat cabhrú liom le (cuir isteach tasc speisialta atá eagraithe agat dó/di – e.g, trealamh Corpoideachais a bhailiú, teicneolaíocht a sheiceáil, etc) ar feadh tamaill, sula rachaidh tú ar ais chuig an rang?"

Aguisín G – Seicliosta do Timpeallacht Foghlama

Marcáil le (√) an réimse ina bhféadfaí gníomhú chun difríocht a dhéanamh don scoláire

Cúinsí Timpeallachta/Fisiciúla

	Leagan amach an tseomra agus an troscáin
	Spás oibre leordhóthanach do scoláirí agus don mhúinteoir
	Maisiúcháin mhaithe/mórán taispeántas etc.
	Éasca bogadh thart sa seomra
	Teocht
	Soilsiú
	Leibhéal torainn
	Suíocháin (ar aghaidh an chláir, comhoiriúnacht leis an scoláire in aice láimhe, airde i gcomhair scríbhneoireachta)
	Acmhainní cuí, trealamh eagraithe agus fáil ag na scoláirí go léir go héasca air

Tosca Sóisialta/Caidreamh:

	Déantar nósanna imeachta agus rialacha an tseomra ranga a shoiléiriú agus tuigeann na scoláirí go léir iad agus cuirtear i bhfeidhm go seasta iad.
	Tugtar treoracha soiléire maidir leis na tascanna ar bhealaí éagsúla (ó bhéal, ó amharc, le geáitsí).
	Déantar athruithe idir tascanna a bhainistiú go héasca agus go héifeachtach
	Tá a fhios ag scoláirí cad é an chéad rud eile atá le déanamh acu gan ceist a chur
	Bíonn an rang dírithe ar an tasc go hiondúil
	Tugtar gníomhaíochtaí éagsúla (gníomhaíochta acadúla agus gníomhaíochtaí iompraíochta) faoi deara go minic agus moltar iad.
	Baintear feidhm as réimse den mholadh agus de dhuaiseanna
	Is féidir dóthain monatóireachta a dhéanamh ar scoláirí le linn taisc chun tuiscint agus dul chun cinn leanúnach a chinntiú
	Déantar aon iompraíocht thrioblóideach nó iompraíocht nach bhfuil dírithe ar an tasc a bhainistiú go héifeachtach
	Bíonn dea-chumarsáid agus aiseolas idir an múinteoir agus gach scoláire maidir le dul chun cinn

Gníomhaíocht Ranga:

Seiceáil an bhfuil gnáthaimh bhunaithe agat do na réimsí seo a leanas. Marcáil le (√) má tá gá le gníomh breise maidir le ceann ar bith acu.

	ag dul isteach sa rang
	ag fágáil an ranga
	ag dáileadh acmhainní
	ag bailiú acmhainní
	ag iarraidh cabhrach
	ag fáil aird an ranga go léir

Rialacha/Duaiseanna/Iarmhairt

Seiceáil an sásaíonn na rialacha, na duaiseanna agus na hiarmhairtí atá agat na critéir seo a leanas Marcáil le (√) má tá gá le gníomh breise maidir le ceann ar bith acu.

Maidir le rialacha

	níl mórán acu ann
	déantar iad a chinneadh i gcomhairle leis na scoláirí
	tá siad ar taispeáint
	cuirtear i bhfeidhm iad

Tá na duaiseanna agus na hiarmhairtí:

	ainmnithe
	nasctha le hiompraíocht
	tá na duaiseanna tairbheach don rang
	is féidir na duaiseanna a bhaint amach
	tuigtear na pionóis agus tá siad cothrom
	cuirtear na pionóis i bhfeidhm go seasmhach

Timpeallacht na Scoile

Marcáil le (√) an réimse ina bhféadfaí gníomhú chun difríocht a dhéanamh don scoláire

	Áit súgartha/clós: leagan amach trealamh maoirseacht rialacha
	Gluaiseacht: gnáthaimh éifeachtacha don ghluaiseacht timpeall na scoile dul i líne pasáistí
	Sos/am lóin: rialacha soiléire simplí duaiseanna agus iarmhairtí gníomhaíochtaí soiléirear fáil
	Tacaíocht foirne: pléann an fhoireann deacrachtaí
	Polasaí: polasaí don iompraíocht dhearfach / tá cód smachta i bhfeidhm tuigeann an fhoireann é agus tá sé comhaontaithe acu réimse duaiseanna don dea-iompraíocht sa rang, sa chlós sa scoil, réimse de phionóis i bhfeidhm déantar an réimse straitéisí a úsáidtear chun iompraíocht a bhainistiú a mheas agus a mhonatóiriú

Achoimre ar Ábhair Imní

Gníomhartha atá de dhíth

Aguisín H - An Ról atá ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (SNSO) i dtaca le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile.

Is féidir le síceolaithe SNSO tacú le pobail scoile a bhfuil iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile acu ag gach céim den Chontanam Tacaíochta.



Ag leibhéal Scoile Uile agus ag Leibhéal Ranga (do Chách), d'fhéadfadh do shíceolaí SNSO:

- Dul i mbun comhairleoireachta agus comhairle a thabhairt maidir le cuir chuige scoile uile
- Treoir a thabhairt chuig cuir chuige bunaithe ar fhianaise chun tacú le folláine
- Cumas foirne a fhorbairt maidir le hiompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile a bhainistiú agus chuige sin cúrsa inseirbhíse a sholáthar don fhoireann ar thopaicí a bhaineann le folláine, lena n-áirítear:
- Acmhainneacht Cairde (clár maidir le himní a chosc agus acmhainneacht)
- Folláine agus Acmhainneacht i Scoileanna: an tSraith Seimineár Gréasáin de chuid SNSO, lena n-áirítear 'Cuir Chuige atá á dTreorú ag Tráma a Chur i Láthair - An Fachtóir Struis' atá oiriúnach do FGL na foirne-uile

Ag leibhéal na Tacaíochta Scoile (do Chuid acu), d'fhéadfadh do shíceolaí SNSO comhairleoireacht a sholáthar agus comhairle a thabhairt:

- Go ndéanfaí iniúchadh ar an gcúis/na cúiseanna a bhféadfadh iompraíocht ina léirítear freastal drogallach agus seachaint scoile a bheith ag tarlú
- straitéisí agus tacaíochtaí tacúla a shainaithint
- Tacú leis an scoil i dtaca le hathbhreithniú a dhéanamh ar na bearta a rinneadh go dtí seo

Ag Leibhéal na Tacaíochta Scoile Móide (do Bheagán), d'fhéadfadh do shíceolaí SNSO comhairleoireacht a sholáthar, dul i mbun plé le seirbhísí eile agus comhairle a thabhairt nó plé go díreach leis an scoláire chun:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn le foireann na scoile, leis an scoláire agus le tuismitheoirí/caomhnóirí
- Straitéisí agus tacaíochtaí eile a shainaithint
- Dul i mbun plé le seirbhísí eile, nó atreorú a dhéanamh chuig seirbhísí eile

D'fhéadfadh comhairliúchán luath le síceolaí de chuid SNSO a bheith fóinteach d'fhoireann scoile atá ag tacú le freastal drogallach ar an scoil agus chun an cur chuige ab fhearr a chinneadh.

Aguisín I – An Ról atá ag Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) i dtaca le hIompraíocht ina Léirítear Freastal Drogallach agus Seachaint Scoile

Is leis an Acht Oideachais (Leas), 2000 a rialaítear freastal ar scoil in Éirinn. Faoin Acht, is í an aois íosta d'fhágáil scoile in Éirinn ná 16 bliana d'aois nó tar éis trí bliana d'oideachas iar-bhunscoile a bheith curtha i gcrích, cibé acu is déanaí a tharlóidh. Leagtar amach san Acht na róil atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí agus ag scoileanna.

Éilítear ar thuismitheoirí/chaomhnóirí a chinntiú go bhfreastalaíonn a gcuid scoláirí ó shé bliana d'aois go dtí sé bliana déag d'aois ar scoil aitheanta nó go bhfaigheann siad íosmhéid áirithe oideachais ina ndéantar foráil do chineálacha malartacha oideachais a sholáthar dóibh amhail teagasc baile agus scolaíocht bhaile.

Tá sé de dhualgas ar scoileanna clár de na scoláirí atá ar an rolla ina scoil a choinneáil agus taifid tinrimh a choinneáil dóibh uile.

Ní mór dóibh Seirbhísí Tacaíochtaí Oideachais Tusla (TESS) a chur ar an eolas má tá scoláire as láthair ar feadh breis agus 20 lá le linn scoilbhliana

Straitéis Freastail Scoile

Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta i ngach scoil straitéis freastail scoile a ullmhú agus í a chur ar aghaidh chuig an ngníomhaireacht. Déanfaidh an ráiteas straitéise soláthar dóibh seo a leanas:

- Dreasachtaí chun freastal maith a spreagadh
- Sainaithint scoláirí a bhfuil an baol ann go n-éireoidh siad as an scoil go luath
- Teagmhálacha níos dlúithe a bhunú idir an scoil agus na teaghlaigh lena mbaineann
- Cláir atá dírithe ar dhea-iompraíocht a chur chun cinn agus freastal a spreagadh
- Baic agus tacaíochtaí taobh istigh den chóras scoile a shainaithint

Tá TESS freagrach as tacú le freastal scoile. Cuimsíonn an tseirbhís Scéim Teagmhála Baile, Scoile agus an Phobail (TBSP), an Clár Críochnaithe Scoile (CCS) agus an tSeirbhís Leasa Oideachais (EWS). Is tacaíochtaí atá ar fáil faoin gclár DEIS[4] iad TBSP agus CCS agus tá siad ar fáil i mbunscoileanna uirbeacha DEIS agus in iar-bhunscoileanna DEIS. Tá Oifigigh Leasa Oideachais (OLOanna) bunaithe in áiteanna ar fud na tíre agus cuireann siad comhairle agus treoir ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil tacaíocht de dhíth orthu lena chinntiú go bhfreastalaíonn a scoláire ar scoil go rialta.

Nuair atá imní ar phríomhoide scoile faoi fhreastal scoláire agus nuair atá na hidirghabhálacha ionscoile go léir ídithe, is féidir atreorú Leasa Oideachais a dhéanamh chuig TESS maidir leis na scoláirí ar leith sin trí thairseach Tusla. A luaithe agus atá an t-atreorú sin scrúdaithe agus santa don EWO áitiúil, déanfaidh an EWO teagmháil le príomhoide na scoile chun léargas a fháil ar na hidirghabhálacha ar baineadh triail astu agus tuiscint a fháil ar an gcás reatha i dtaca leis an scoláire. Ansin, déanfaidh an EWO teagmháil leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun plé a dhéanamh ar na fadhbanna atá ag dul i gcion ar fhreastal an scoláire ar an scoil. Oibreoidh an EWO leis an scoláire agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí chun dul i gcomhairle le seirbhísí agus gairmithe eile de réir mar is cuí chun na baic a bhfuil tionchar acu ar fhreastal scoile a bhaint.

[4] Príomhthionscnamh polasaí is ea DEIS (Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh) chun tacú le scoláirí atá i mbaol ó mhíbhuntáiste oideachais

Tagairtí

Roscommon School Refusal Resource Pack Information for Schools and Parents (2020). Aisghafa ó:https://www.cypsc.ie/_fileupload/Documents/Resources/Roscommon/Roscommon%20School%20Refusal%20Resource%20Pack%20ONLINE.pdf

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (2018). *Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais (2018-2023)*. Baile Átha Cliath: Údar.

An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2007). *Contanam Tacaíochta do Bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí agus Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí* Baile Átha Cliath: Údar.

An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2021). *Foirne Tacaíochta in Iar-Bhunscoileanna: Treoir maidir le Foireann a Bhunú nó Athbhreithniú a Dhéanamh ar Fhoireann atá ann Cheana Féin*

An Roinn Oideachais agus Seirbhís Tacaíochta Oideachais Tusla. (2022). *Úsáid Laghdaithe Laethanta Scoile. Treoirlínte do scoileanna maidir le laethanta laghdaithe scoile a thaifeadadh agus a fhógairt.*

An Roinn Oideachais agus Scileanna agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (2010) *Contanam Tacaíochta d'Iar-Bhunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí agus Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí Baile Átha Cliath: Údar.*

Rialtas na hÉireann (2022). *Treoir don Dea-Chleachtas maidir le hUathachas i Scoileanna – Ag Tacú le Leanaí agus Daoine Óga.*

Hunt, A., Morgan A., Bubb, J., Crawford, J. (2022). *Emotionally Based School Avoidance – Good practice guidelines for and support agencies*. Seirbhís Síceolaíochta Oideachais West Sussex. Aisghafa ó https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/197721/a31a4726cd17 4b12-92e77d687a74c792.pdf#page=null

An Roinn Oideachais
Department of Education